Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

# Aighneacht Gaeloideachas mar chuid den Chomhairliúchán Poiblí ar an Scéim Socruithe Réasúnta ag Scrúduithe an Teastais Stáit (RACE)

**Bealtaine 2026**

---

### Réamhrá

Fáiltíonn Gaeloideachas, mar eagraíocht náisiúnta ionadaíochta na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, agus mar eagraíocht tacaíochta na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht roimh an deis aighneacht a chur isteach mar a bhaineann leis an athbhreithniú ar an Scéim Socruithe Réasúnta ag Scrúduithe an Teastais Stáit (RACE), atá á riaradh ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Díreofar ar shainriachtanais na hearnála lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, agus riachtanais scoláirí atá ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge agus a bhfuil na tacaíochtaí breise seo ag teastáil uathu, ach go háirithe san aighneacht seo.

Tá sé mar bhunriachtanas agus ag croílár na hionchuimsitheachta go bhfuil scoláirí a fhoghlaimíonn trí mheán na Gaeilge, mar aon le scoláirí a bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga acu, in ann rochtain chothrom a fháil ar thacaíochtaí cuí agus ar shocruithe réasúnta agus iad i mbun scrúduithe Stáit. Ní mór do na tacaíochtaí seo a bheith curtha in oiriúint don chomhthéacs teanga, fianaisebhunaithe, agus tacú lena gnáthbhealach foghlama na scoláirí. Ní mór do gach tacaíocht a bheith curtha ar fáil gan mhoill chomh maith le himní agus strus a laghdú.

---

## Comhionannas Teanga agus an Scéim RACE

Ba cheart go mbeadh rochtain ag scoláirí in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ar gach socrú réasúnta trí Ghaeilge mar ghnáthchleachtas le cinntiú go bhfuil rochtain chothrom acu ar oideachas agus go bhfuil siad in ann iad féin a chur in iúl ag barr a gcumais ina gcuid scrúduithe.

Faoi láthair, tá constaicí móra le sárú a bhaineann le rochtain ar:

- léitheoirí agus scríobhaithe le hardchumas nó cumas leordhothanach, fiú, sa Ghaeilge
- teicneolaíochtaí cúnta a fheidhmíonn go héifeachtach i nGaeilge
- próisis agus uirlísí measúnaithe a thógann comhthéacs uathúil teanga an scoláire san áireamh

Cruthaíonn sé seo éagothromas mór do scoláirí atá ag ag fáil a gcuid oideachais trí Ghaeilge i gcomparáid lena bpiaraí.

Tá sé mar bhunriachtanas i gcás léitheoirí a fhostú le páipéir trí mheán na Gaeilge a léamh, go bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu le tacú le hiarrthóirí agus nach mbeidh aon iarrthóir faoi mhíbhuntáiste breise toisc easpa inniúlachta sa teanga ag léitheoir nó scríobhaí, foghraíocht mhíchruinn, etc.

**Moladh:**
Ní mór do Choimisiún na Scrúduithe Stáit a chinntiú go bhfuil gach socrú RACE ar fáil go pras trí Ghaeilge, agus go bhfuil teanga an tsocraithe ailínithe le teanga an teagaisc agus an mheasúnaithe. Ní mór bunachar cuismitheach a fhorbairt de dhaoine gairmiúla a bhfuil ardinniúlacht sa Ghaeilge acu agus atá ar fáil le bheith ina léitheoirí nó scríobhaithe, fiú i gcásanna práinneacha eisceachtúla nuair a bhuaileann tinneas/timpiste scoláire gan fhógra.

---

## Próisis Mheasúnaithe agus Riachtanais Fianaise

Braitheann an tsamhail reatha go mór ar thástálacha caighdeánaithe, measúnuithe, agus ar thuairiscí, a dhéantar go minic trí Bhéarla agus nach dtogannn comhthéacs uathúil an tumoideachais ná an comhthéacs dátheangach san áireamh.

San eolas reatha atá ar fáil do scoileanna (9.1.5 Nóta do Ghaelcholáistí agus do Ghaelscoileanna), déantar tagairt don easpa “trialacha aoisoiriúnacha atá caighdeánaithe go cuí ar fáil i nGaeilge faoi láthair” agus leagtar síos go bhfuil “critéir mhalartacha ann agus is féidir iad sin a fháil, ar iarratas, ó CSS”.  Níl aon trédhearcacht ag baint leis an bpróiseas seo. Ní mór eolas caighdeánach a bheith ar fáil do chách go go comthreomhar agus go dtuigeann scoláirí, a dtuismitheoirí agus a scoileanna a gcuid teidlíochtaí go soiléir agus conas go díreach a dhéantar iarratas agus conas a dhéanfar measúnú air.

Ag teacht leis sin, de réir tuairiscí ó bhaill Gaeloideachas, ní thógtar scripteanna trí mheán na Gaeilge san áireamh don tástáil mar ghnáthchleachtas, cleachtas a thagann salach ar an dea-chleachtas a mholtar le measúnú iomlán cuimsitheach a dhéanamh ar scoláirí atá ag fáil a gcuid oideachais trí Ghaeilge agus/nó scoláirí arb í an Ghaeilge a bpríomhtheanga.

Tá míbhuntáistí agus rioscaí móra ag baint leis seo, lena n-áirítear:

- tearc-aithint riachtanas
- míthuiscint ar fhorbairt teanga agus riachtanais
- moltaí míchuí

**Moltaí:**

- Treoir shoiléir a chur ar fáil maidir le measúnú ar fhoghlaimeoirí dátheangacha
- A chinntiú go bhfuil gach moladh bunaithe ar thaighde agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta

Dar le baill Gaeloideachas, laige mhór a bhaineann leis an gcóras reatha ná an **chastacht agus an t-ualach oibre** a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar RACE. Ní mór do scoileanna tástáil a dhéanamh, fianaise dhoiciméadach a bhailiú, spriocdhátaí dochta a chomhlíonadh agus critéir mhionsonraithe a léirmhíniú. Imríonn sé seo tionchar díréireach ach go háirithe ar scoileanna

beaga a bhfuil acmhainní teoranta foirne nó treorach RBO acu, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le **rochtain neamh-chomhsheasmhach** ar fud comhthéacsanna scoile éagsúla.

D'fhéadfadh ganntanas acmhainne agus foirne laistigh de scoileanna teorainn a chur le rochtain ar ionaid aonair/roinnte i rith na scrúduithe chomh maith. D'fhéadfadh tionchar níos mó a bheith ag cúrsaí earcaíochta agus foirne i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gcomparáid le scoileanna de chineálacha éagsúla toisc na ndúshlán reatha earcaíochta chomh maith.

Moltar go láidir an próiseas iarratais a shimpliú le go mbeidh sé níos inrochtana do chách.

---

## Comhsheasmhacht, Trédhearcacht agus Achomhairc

Tá gá le soiléireacht agus comhsheasmhacht níos fearr mar a bhaineann le próiseas cinnteoireachta na scéime RACE. Is féidir leis a bheith deacair do thuismitheoirí agus scoláirí a thuiscint cén fáth a ndiúltaítear lena n-iarratais agus tá bealaí achomhairc foirmiúla teoranta.

**Moltaí:**

- Critéir shoiléire agus samplaí d'iarratais rathúla a fhoilsiú
- Aiseolas mionsonraithe a chur ar fáil nuair a dhiúltaítear nó a leasófar iarratais
- Próiseas achomhairc trédhearcach, tráthúil agus inrochtana a chinntiú
- Eolas cuimsitheach i bhfoirm inrochtana a chur ar fáil atá éasca le tuiscint ag tuismitheoirí agus scoláirí.

---

## Raon agus Solúbthacht na Socruithe

Ba cheart go léireodh raon na socruithe éagsúlacht riachtanas scoláirí agus cleachtais nua-aimseartha sa seomra ranga. Cuireann Gaeloideachas fáilte mhór roimh an socrú eatramhach go bhfuil deich nóiméad breise ar fáil mar chéad chéim do gach scrúdú faoin scéim RACE. Tagann muid le moladh Chumann Disléicse na hÉireann, áfach, nach leor seo agus go bhfuil breis ama ag teastáil.

**Moltaí:**

- Breis ama a bhronnadh i gach scrúdú mar a dhéantar go caighdeánach i dtíortha éagsúla – Sasanna, an Fhrainc, etc. Ní leor an méid ama breise i gcoitinne, go háirithe nuair a thógtar luas próiseála, cuimhne oibre nó tuirse de bharr tinnis nó eile san áireamh, go háirithe i bpáipéir fhada.
- Anailís a dhéanamh ar an méid ama breise a bhronntar ar mhic léinn in institiúidí tríú leibhéal na hÉireann agus an tionchar atá aige sin ar chúrsaí a mheas.
- Úsáid níos leithne a bhaint as teicneolaíocht chúnta, lena n-áirítear roghanna Gaeilge
- Socruithe solúbtha a chur ar fáil (m.sh. sosanna, formáidí malartacha)

- A chinntiú go léiríonn socruithe gnáthbhealach oibre an scoláire

## Oiliúint agus Treoir do Scoileanna

Tá gá le treoir agus oiliúint shoiléir do scoileanna chun tacú leis an bpróiseas RACE, ní hamháin ag aimsir na scrúduithe ach ar bhonn leanúnach le linn an aistir scoile. Tá moltaí maidir le teicneolaíocht chúnta á bhfáil ag scoláirí san oideachas lán-Ghaeilge nach bhfuil moltaí ar bith Gaeilge ina measc, rud a chruthaíonn bac ollmhór ar an gcuimsiú agus a chuireann teorainn le cumas na ndaoine óga seo barr a gcumais a bhaint amach. Níl aon liosta caighdeánach cuimsitheach moltaí maidir le teicneolaíocht chúnta trí Ghaeilge ar fáil ag an Roinn Oideachais ná an CNOS i láthair na huaire. Teastaíonn aird air seo ar bhonn práinneach ionas gur féidir le daoine óga rochtain iomlán a bheith acu ar an gcuraclam agus ar an oideachas.

Molann Gaeloideachas go láidir go bhfoilseodh an Roinn Oideachais i bpáirt leis an CNOS liosta cuimsitheach de roghanna teicneolaíochta cúnta Gaeilge do scoileanna, do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne, arna fhorbairt i gcomhar le foireann ABAIR i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

**Moltaí:**

- Oiliúint spriocdhírithe a chur ar fáil do bhaill foirne scoile
- Oiliúint spriocdhírithe ar theicneolaíochtaí cúnta trí Ghaeilge ó fhoireann Abair.ie Choláiste na Tríonóide do mhúinteoirí, thuismitheoirí agus scoláirí, araon.
- Treoir ar leith a chur ar fáil maidir le:
    - oideachas lán-Ghaeilge
    - foghlaimeoirí dátheangacha
    - teicneolaíochtaí cúnta atá ar fáil trí Ghaeilge nó a thacaíonn le foghlaim trí Ghaeilge
    - bailiú fianaise chuí

## Guth an Scoláire agus na dTuismitheoirí

Ba cheart ról lárnach a bheith ag scoláirí agus ag tuismitheoirí i gcinntí a bhaineann le socruithe.

**Moltaí:**

- Guth an scoláire a chur san áireamh sa phróiseas iarratais agus athbhreithnithe
- A chinntiú go bhfuil rochtain ag tuismitheoirí agus scoláirí ar eolas agus ar thacaíochtaí trí Ghaeilge ar bhonn tráthúil gan aon mhoill a bheith ann toisc cúrsaí teanga
- Treoir shoiléir inrochtana a chur ar fáil do theaghlaigh maidir leis an scéim RACE agus conas a bhfeidhmíonn sé i suíomh lán-Ghaeilge

- Liosta caighdeánach acmhainní agus tacaíochtaí feiliúnacha don suíomh lán-Ghaeilge a chur ar fáil go poiblí

---

## Conclúid

Caithfidh scéim chothrom agus éifeachtach RACE éagsúlacht na bhfoghlaimeoirí sa gcóras oideachais a aithint, lena n-áirítear iad siúd a fhaigheann a gcuid oideachais trí Ghaeilge.

Trí chomhionannas teanga a chinntiú, trí thrédhearcacht a neartú, agus trí ailíniú le cleachtas ionchuimsitheach, is féidir córas níos freagraí agus níos cothroime a chur ar fáil do gach foghlaimeoir.

Mura ndéantar na hathruithe seo, níl aon cheist faoi ach go mbeidh scoláirí an chórais oideachais lán-Ghaeilge faoi mhíbhuntáiste leanúnach maidir le rochtain ar shocruithe cuí, rud a mbeidh tionchar fadtéarmach aige ar a dtorthaí oideachais agus ar a dtaithí ar ionchuimsiú, mar aon le tionchar a imirt ar chinntí tuismitheoirí páistí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu oideachas iar-bhunscoile lán-Ghaeilge a roghnú dá bpáistí.

---